Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Scéim Ranníocaí Forbartha Dhún na nGall 2016-2021

Deireadh Fómhair 2016

Nóta: Glacadh an Scéim Ranníocaí Forbartha ar an 26 Meán Fómhair 2016 agus tiocfaidh sí i ngníomh ar an 10 Deireadh Fómhair 2016.

Clár na nÁbhar Leathanach

1.0 RÉAMHRÁ/COMHTHÉACS 1

1.1 Réamhrá/Comhthéacs
1.2 Ranníocaí Forbartha Ginearálta 1
1.3 Ranníocaí Forbartha Speisialta 2
1.4 Ranníocaí Forbartha Forlíontacha 2

2.0 CINEÁL AGUS SCÓIP FORBAIRTÍ AMACH ANSEO A MHEAS 3

2.1 Forbairt Chónaithe 3
2.2 Forbairt Neamhchónaithe 3

3.0 SOLÁTHAR BONNEAGAIR MAR ATÁ BEARTAITHE 4

3.1 Catagóirí na gCostas a ghabhann le Forbairt Bonneagair a Leithroinnt d'Fhorbairt Áirithe 4
3.2 Na Rátaí Ranníocaí 5
3.3 Díolúintí agus Laghduithe 7
3.4 Ioncam Réamh-Mheasta agus Dáileadh 11

4.0 NÓTAÍ MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM NA SCÉIME 13

4.1 Ré na Scéime 13
4.2 Ranníocaí Innéacsnasctha, Íocaíochtaí agus Céimniú Íocaíochtaí 13
4.3 Oibreacha *In Lieu* 13
4.4 Achomharc a dhéanamh in aghaidh Ranníocaí Forbartha 13
4.5 Achar Urláir Tráchtála a Ríomh 13
4.6 Ranníocaí Forbartha Uisce agus Dramhuisce 13

Aguisín I
Sceideal na dTionscadal Caipitiúil SRF a d'fhéadfadh a bheith ann 14

1.0 RÉAMHRÁ/COMHTHÉACS

1.1 Réamhrá/Comhthéacs

Leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2015, déantar foráil maidir le ranníocaí forbartha a thobhach mar choinníoll a ghabhann le cead pleanála i gcás ina mbeidh Scéim Ranníocaí Forbartha déanta de bhun Alt 48 de na hAchtanna Pleanála sin. Mar thoradh ar Scéim Ranníocaí Forbartha Alt 48 beidh sásra reachtúil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun gnóthachan pleanála (ranníocaí airgeadais) a bhaint amach mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha. Cabhraíonn na ranníocaí le hinfheistíocht i mbonneagar a sholáthar, de bhreis ar mhaoiniúchán ón státchiste lárnach agus ó chistí dílse an údaráis áitiúil.

Glacfaidh an Scéim Ranníocaí Forbartha seo ionad Scéim Ranníocaí Forbartha reatha Dhún na nGall agus na Scéimeanna Ranníocaí Forbartha a bhí glactha ag sean-Chomhairlí Baile Leitir Ceanainn, Bhun Cranncha agus Bhun Dobhráin.

Le linn an Scéim seo a ullmhú, baineadh úsáid as eolas a fuarthas ó athbhreithniú ar na Scéimeanna Ranníocaí Forbartha reatha. Áiríonn an Scéim seo leasuithe sonracha a tugadh isteach chun na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Scéimeanna Ranníocaí Forbartha a chomhlíonadh agus áiríonn sí dreasachtaí éagsúla atá dírithe ar ghníomhaíocht eacnamaíochta a spreagadh.

Is ceart an Scéim Ranníocaí Forbartha bhreithniú i gcomhthéacs an méid seo a leanas: Plean Forbartha an Chontae, na Pleananna Forbartha do Leitir Ceanainn, do Bhun Cranncha agus do Bhun Dobhráin, An Straitéis agus an Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (PEPÁ). Ullmhaíodh an scéim de réir 'Ranníocaí Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála', an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2013 (dá ngairtear 'Treoirlínte SRF' anseo ina dhiaidh seo).

1.2 Ranníocaí Forbartha Ginearálta

Faoi Alt 48 de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000-2015, féadfaidh údaráis phleanála Scéim Ranníocaí Forbartha (SRF) a ullmhú i leith bonneagar poiblí agus saoráidí poiblí áirithe a sholáthraíonn an t-údarás áitiúil, nó a sholáthraítear thar a cheann, agus lena ngabhann tairbhe ghinearálta do réimse na forbartha i limistéar feidhme an údaráis áitiúil. Faoin SRF, ní gá don Údarás Pleanála a thaispeáint go bhfuil ceangal díreach ann idir an ranníoc forbartha a íoctar agus na hoibreacha a dhéantar chun an fhorbairt a éascú. Ach is ceart don Údarás Pleanála a bheith sásta gur féidir an bonn le cinneadh na leibhéal ranníoca a fhírinniú go dóthanach agus gur féidir tacú leo.

Is iad seo a leanas na cineálacha '*bonneagar poiblí agus saoráidí poiblí*' ar féidir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha iad a mhaoiniú:

(a) Talamh a fháil.
(b) Spásanna oscailte, saoráidí agus taitneamhachtaí áineasa agus pobail agus oibreacha tírdhreacha a sholáthar.
(c) Bóithre, carrchlóis, áiteanna páirceála gluaisteán, séaraigh, saoráidí cóireála dramhuisce agus uisce, ceangail seirbhíse, príomhphíopaí uisce agus obair faoisimh tuile a sholáthar.
(d) Conairí agus lánaí bus, saoráidí idirmhalartaithe bus (lena n-áirítear carrchlóis do na saoráidí sin), bonneagar chun iompar poiblí a éascú, saoráidí rothar agus coisithe agus bearta moillithe tráchta a sholáthar.
(e) Bóithre, carrchlóis, áiteanna páirceála gluaisteán, séaraigh, saoráidí cóireála dramhuisce agus uisce, ceangail seirbhíse nó príomhphíopaí uisce a athfheistiú, a uasghrádú, a mhéadú nó a athsholáthar.

(f) Bonneagar teileachumarsáide ardacmhainne, amhail Leathanbhanda, a sholáthar.
(g) Láithreáin scoile a sholáthar, agus
(h) Aon nithe atá bainteach le míreanna (a) go (g).

Ní féidir ranníocaí forbartha a thobhach ach amháin mar mhaoiniúchán caipitiúil do bhonneagar poiblí agus do shaoráidí poiblí agus, dá bharr sin, ní féidir iad a úsáid chun costais reatha a íoc. Tagann an SRF Ginearálta i ngníomh tar éis í a ghlacadh agus cuirtear i bhfeidhm í maidir le gach cinneadh i dtaobh cead pleanála a dheonú, ar cinntí iad a dhéantar ar dháta glactha na scéime nó dá éis sin, is cuma cén uair a tíolacadh an t-iarratas pleanála. Ní féidir aon achomharc a dhéanamh chuig an Bhord Pleanála i ndáil le coinníoll lena gceanglaítear ranníoc a íoc de réir SRF Ginearálta mura rud é nach ndearnadh téarmaí na Scéime a chur i bhfeidhm i gceart. Fanfaidh an SRF Ginearálta i ngníomh go dtí go n-athraítear é nó go dtí go ndéantar scéim nua a ghlacadh.

1.3 Ranníocaí Forbartha Speisialta

Féadfaidh Údarás Pleanála, de bhreis ar théarmaí SRF Ginearálta, a cheangal go n-íocfar ranníoc speisialta i leith forbairt áirithe i gcás ina ndéanann an tÚdarás Áitiúil costais nach bhfuil cumhdaithe le scéim a thabhú i leith bonneagar poiblí agus saoráidí poiblí lena ngabhann tairbhe dhíreach don fhorbairt bheartaithe. Mar chuid den choinníoll pleanála, ní mór na hoibreacha sonracha a dhéantar, nó a mbeartaítear iad a dhéanamh, agus lena mbaineann an ranníoc, a shonrú agus, i gcás nach dtosaíonn an t-údarás pleanála na hoibreacha atá i gceist laistigh de 5 bliana ó dháta íoctha an ranníoca (nó na tráthchoda deiridh, má íoctar le híocaíocht chéimnithe) nó go gcinneann an tÚdarás Áitiúil gan leanúint ar aghaidh leis na hoibreacha beartaithe, déanfar an ranníoc a aisíoc mar aon le haon ús a bheidh fabhraithe. I gcás ina mbeidh tús curtha le hoibreacha lena mbaineann an ranníoc ach nach mbeidh siad críochnaithe laistigh de 7 mbliana ó dháta na híocaíochta nó na tráthchoda deiridh, ansin déanfar an ranníoc a aisíoc i gcomhréir leis an chion de na hoibreacha sin nach mbeidh déanta. Féadfar achomharc a dhéanamh chuig an Bhord Pleanála in aghaidh Ranníoc Forbartha Speisialta.

1.4 Ranníocaí Forbartha Forlíontacha

Faoi Alt 49 den Acht, féadfaidh Údarás Pleanála, le linn dó cead pleanála a dheonú, de bhreis ar an SRF ginearálta a chur i bhfeidhm, coinníollacha a chur san áireamh á cheangal go n-íocfar ranníoc i leith aon seirbhís nó tionscadal bonneagair phoiblí a shonraítear i Scéim Ranníocaí Forbartha Fhorlíontach agus lena ngabhann tairbhe don fhorbairt lena mbaineann an cead pleanála.

I measc na dtionscadal a fhéadfar a áireamh i SRF Forlíontach áirítear bonneagar iarnróid, iarnróid éadroim nó iompair phoiblí eile, lena n-áirítear carrchlóis agus forbairt fhoghabhálach eile, bóithre nua áirithe agus bonneagar foghabhálach a sholáthar, scoileanna nua agus bonneagar foghabhálach. Mar chuid den scéim, ní mór méid an limistéir lena mbaineann sí a shonrú agus ní mór an tionscadal nó an tseirbhís bonneagair phoiblí a bhfuil na ranníocaí forlíontacha le caitheamh orthu. Féadfar achomharc a dhéanamh chuig an Bhord Pleanála in aghaidh iarratais i gcás ina measann an t-iarratasóir nach rachaidh an tseirbhís nó an tionscadal chun tairbhe don fhorbairt lena mbaineann an cead.

Ní raibh aon Scéimeanna Ranníocaí Forbartha Forlíontacha i bhfeidhm i ndlínse Chomhairle Chontae Dhún na nGall tráth déanta na Scéime seo.

2.0 CINEÁL AGUS SCÓIP FORBAIRTÍ AMACH ANSEO A MHEAS

Is iad na príomhchineálacha forbartha nach mór measatacháin a dhéanamh ina leith Forbairtí Cónaithe agus Forbairtí Neamhchónaithe. Sna treoirlínte SRF, moltar gur ceart úsáid a bhaint as forálacha an Phlean Forbartha agus aon phlean ceantair áitiúil mar phríomhfhoinse faisnéise i dtaca leis an ábhar seo de agus gur ceart, ag an am céanna, sonraí breise maidir le treochtaí agus staitisticí forbartha a chur i gcuntas.

2.1 Forbairt Chónaithe

Mar thoradh ar chúlú eacnamaíochta na bliana 2008, agus mar thoradh ar éiginnteacht leantach maidir le cúrsaí eacnamaíochta sa todhchaí, go háirithe in iarthuaisceart na tíre, tá ardleibhéal deacrachta ann maidir le leibhéil forbartha sna sé bliana atá díreach romhainn a réamh-mheas. De réir threoirlínte SRF, is iad na spriocanna daonra agus tithíochta i gCroístraitéis an Phlean Forbartha Contae an bonn is oiriúnaí mar thúsphointe i gcomhair an phróisis measatacháin. Dá ainneoin sin, meastar go bhfuil sé níos réadúla an ráta iarbhír maidir le tosú forbairtí cónaithe le blianta beaga anuas a úsáid mar mhodh chun gníomhaíocht forbartha den sórt sin thar thréimhse na Scéime a réamh-mheas. Sonraítear, dá bhrí sin, gur cuireadh tús le 1,459 n-aonad cónaithe (nó 243 aonad sa bhliain) sa tréimhse sé bliana ó 2010 go 2015 [Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh].

Dá bhrí sin, chun críocha na Scéime seo, ag féachaint do na sonraí agus do na toimhdí thuasluaite, tá 300 aonad sa bhliain (nó 1,800 aonad cónaithe i rith thréimhse na scéime beartaithe) á thuar mar mheánráta tosaithe bliantúil.

2.2 Forbairt Neamhchónaithe

Léiríonn treoirlínte SRF gur ceart measatacháin leathana ar achar urláir forbairtí neamhchónaithe beartaithe amach anseo (i.e. de chineál tionscail, miondíola, oifige agus eile) a ullmhú faoi threoir toimhdí agus aon ghnéithe iomchuí eile ar dá réir a cruthaíodh na measatacháin.

Rinneadh na leibhéil réamh-mheasta forbartha tráchtála don tréimhse 2016-2021 a mheas ag féachaint do na meánachair urláir a ceadaíodh i nDún na nGall idir na blianta 2009 agus 2015. Cé go raibh an leibhéal gníomhaíochta i ndáil le hiarratais phleanála measartha íseal i rith na tréimhse sin, meastar gur cuí úsáid a bhaint as an leibhéal íseal gníomhaíochta pleanála sin mar mhodh fónta chun gníomhaíocht forbartha iarbhír a réamh-mheas do thréimhse na Scéime. I rith na tréimhse 2009-2015, ceadaíodh 190,858 méadar chearnacha san iomlán, is é sin, meán 31,810 sa bhliain.

Dá bhrí sin, ag féachaint do na sonraí agus do na toimhdí thuasluaite, tá 31,810 méadar chearnacha sa bhliain (nó 190,858 méadar chearnacha i rith thréimhse na scéime beartaithe) á thuar mar mheánráta tosaithe bliantúil.

3.0 SOLÁTHAR BONNEAGAIR MAR ATÁ BEARTAITHE

Déantar na cineálacha '*bonneagar poiblí agus saoráidí poiblí*' ar féidir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha iad a mhaoiniú sainaitheanta i Roinn 1.2 thuas. Déantar sceideal tionscadal ionchasach bonneagair a bhféadfar iad a pháirtmhaoiniú as ioncam SRF leagtha amach in Aguisín I. Fuarthas an liosta ó thionscadail atá liostaithe sa Phlean Forbartha Contae reatha, ó ábhar a pléadh ag cruinnithe Ceantair Bhardasaigh agus a bhain le tosaíochtaí bonneagair, ó ábhair i mBuiséad Caipitiúil 3 bliana Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2018-2021 agus ó thionscadail reatha agus ó thionscadail bheartaithe atá sainaitheanta ag Stiúrthóireachtaí laistigh de Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

I measc na dtionscadal sin, áirítear scéimeanna móra ilmhilliúin agus saoráidí beaga pobail nach gcosnaíonn ach cúpla míle euro. Tá cuid de na tionscadail sin beagnach críochnaithe agus níl ach ranníocaí beaga ag teastáil chun iad a chríochnú. Ag féachaint don líon mór athróg a imríonn tionchar ar chlár caipitiúil na Comhairle ina iomláine, lena n-áirítear, *inter alia*, an chastacht a bhaineann le scéimeanna móra agus tréimhsí fada réamhoibre, tarraingt anuas maoiniúcháin státchiste agus maoiniúcháin sheachtraigh eile, go háirithe thar ré sé bliana, ní féidir na tionscadail sin a mbeidh tairbhe le fáil acu ón maoiniúchán a shainaithint go beacht. Ach tá scála na dtionscadal atá sainaitheanta in Aguisín I soiléir agus is ionann na comhchostais ghaolmhara agus iolraí den ioncam a ghinfear ón SRF. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an bhonneagar agus ar na saoráidí ar féidir iad a mhaoiniú i rith ré na Scéime, ar bhonn na leibhéal ioncaim a gheofar trí ranníocaí forbartha a bhaileofar agus trí chostais mhaoiniúcháin a bheidh ann. Is féidir tionscadail a ionadú más cuí agus, dá bharr sin, cinnteofar go bhfuil an scéim solúbtha agus dinimiciúil i leith riachtanais agus deiseanna athraitheacha.

3.1 Catagóirí na gCostas a ghabhann le Forbairt Bonneagair a Leithroinnt d'Fhorbairt Áirithe

Ag féachaint do na cineálacha éagsúla bonneagair cháilithigh agus seirbhísí cáilitheacha atá le soláthar i gContae de scála, d'éagsúlacht agus do chastacht Dhún na nGall thar amscála chomh suntasach sin, ní féidir costas gach fo-réimse bonneagair agus seirbhísí gaolmhara a ghabhann leis sin a leithroinnt go fóiréinseach don raon catagóirí forbartha atá chomh leathan céanna. Seachas sin, tá tuairim phragmatach ag Comhairle Chontae Dhún na nGall, is é sin le rá, go bhfaighidh gach forbairt tairbhe ón raon leathan oibreacha bonneagair a sholáthrófar i rith ré na Scéime. Ar an ábhar sin, cuirtear na muirir i bhfeidhm ar bhonn ginearálta chun na fo-réimsí éagsúla gníomhaíochta de chuid na Comhairle a chur san áireamh.

Le linn na rátaí ranníoca a chinneadh, cuireadh na critéir seo a leanas i gcuntas:
~an SRF roimhe seo agus na rátaí a bhí ann sa scéim sin;
~dálaí margaidh le déanaí, agus dálaí margaidh reatha, agus na dálaí athraithe eacnamaíochta ón tráth ar glacadh an SRF reatha sa bhliain 2008;
~rátaí coibhéiseacha in Údaráis eile ar fud na tíre;
~an gá le cóimheá chuí a bhaint amach idir cur chun cinn na forbartha eacnamaíochta agus tacaíocht d'fhorbairt chuí.

3.2 Na Rátaí Ranníoca

Ag éirí as an méid sin thuas ar fad, tá na Rátaí Ranníoca liostaithe i dTábla 1 thíos.

Tábla 1: Sceideal na Ranníocaí SRF

Aicme Forbartha	Fo-Aicme Forbartha	Muirear Forbartha
Teach	Teaghais Bhuan (199m^2 agus níos lú)	€1,500
	Teaghais Bhuan (200m^2 agus níos mó)	€2,500
	Teach Saoire	€13,691.28
Tráchtáil/Tionscal	Tionscal	€7 in aghaidh an m^2 (Leitir Ceanainn/Ciseal 1) €4.14 in aghaidh an m^2 (Gach limistéar eile)
	Siopadóireacht	€7 in aghaidh an m^2 (Leitir Ceanainn/Ciseal 1) €4.14 in aghaidh an m^2 (Gach limistéar eile)
	Oifigí	€7 in aghaidh an m^2 (Leitir Ceanainn/Ciseal 1) €4.14 in aghaidh an m^2 (Gach limistéar eile)
	Eile	€7 in aghaidh an m^2 (Leitir Ceanainn/Ciseal 1) €4.14 in aghaidh an m^2 (Gach limistéar eile)
Páirceáil	Ní hinfheidhme	€2,500 in aghaidh an spáis
Athrú Úsáide	Ní hinfheidhme	Déanfar iarratais ar athrú úsáide a mhuirearú de réir an iarmhéid idir na gnáthmhuirir a d'fhorchuirfí maidir le húsáid bheartaithe na forbartha agus na gnáthmhuirir a d'fhorchuirfí maidir leis an úsáid reatha.
Cairéalú/Mianadóireacht/Diúscairt bruscair nó dramhaíola	Talamh i gcomhair mianadóireachta/cairéalú	€1,500 in aghaidh an Ha d'achar dromchla, faoi réir mhuirear íosta €10,000
	Talamh chun bruscar nó dramhaíl a fhágáil ann	€1,500 in aghaidh an Ha d'achar dromchla
Talamh a úsáid i gcomhair carbhánaíochta	Ní hinfheidhme	€1,555.82 in aghaidh na láithreach. N.B. Laghdú 50% ar bhuancharbháin do na chéad 10 láthair. Níl aon laghdú ann ina dhiaidh sin. (Déanfar foirgnimh e.g. leithris/neachtlann/oifig/siopa a mhuirearú de réir an ráta tráchtála)
Carbhán Turasóireachta/Láithreán	Ní hinfheidhme	€1,555.82 in aghaidh na láithreach. N.B. Laghdú 50% ar charbháin do na chéad 10 láthair. Níl aon laghdú ann ina dhiaidh sin.

Aicme Forbartha	Fo-Aicme Forbartha	Muirear Forbartha
Veáineanna Campála		(Déanfar foirgnimh e.g. leithris/neachtlann/oifig/siopa a mhuirearú de réir an ráta tráchtála)
Leaba & Bricfeasta/Teach Aíochta	Ní hinfheidhme	An chéad 4 sheomra leapa – Níl aon mhuirear ann. €500 in aghaidh an tseomra leapa de bhreis ar cheithre sheomra leapa
Niteoir Gluaisteán	Ní hinfheidhme	Ráta cothrom €1,000 (Ní hinfheidhme ach amháin maidir le haonaid den sórt sin lasmuigh de stáisiúin pheitril sheanbhunaithe)
Fógráin	Ní hinfheidhme	€20 in aghaidh an m^2, faoi réir mhuirear íosta €40
Galfchúrsa/Galf Dhá Mhaide	Ní hinfheidhme	€810 in aghaidh an Ha. NÓTA: Déanfar foirgnimh thráchtála/clubthithe a mhuirearú de réir an ráta tráchtála, Aicme 4, agus é bunaithe ar achar urláir)
Fuinneamh In-Athnuaite	Feirmeacha Gaoithe & Tograí Eile maidir le Fuinneamh In-Athnuaite	€2,000 in aghaidh an 0.1MW a ghintear i ndáil le tionscadail fuinnimh in-athnuaite. NÓTA: Níl aon tarscaoileadh ann, de chineál iomlán nó páirteach, i ndáil le forbairtí fuinnimh in-athnuaite atá beartaithe, ar tionscadail iad a sholáthraíonn fuinneamh ar shiúl ón láthair go príomha (lena dhíol), cibé acu lena úsáid in Éirinn nó lena onnmhairiú
	Crann Ainéimiméadair Gaoithe	€2,500
Foirgnimh thalmhaíochta/Gairneoireacht/Lárionad Garraíodóireachta - Plandlann		Faoi bhun 200 m^2 - díolmhaithe Os cionn 200 m^2 - €2.50 in aghaidh gach m^2 os cionn 200m^2
Talamh saothraithe a úsáid ar mhaithe le diantalmhaíocht		€600 in aghaidh an Ha

NB. Cead Coinneála – Is ionann an muirear agus méadú 50% ar an ghnáthaicme muirir.

3.3 Díolúintí agus Laghduithe

Le hAlt 48(3)(c) den Acht, ceadaítear laghdú a dhéanamh ar ranníocaí, nó gan aon ranníoc a bheith ann in imthosca áirithe, faoi théarmaí na Scéime. Chun críocha na Scéime seo, i gcás ina gceanglaíonn Údarás Pleanála ar fhorbróir, ar chostas an fhorbróra, bonneagar suntasach a sholáthar mar chuid den fhorbairt, de bhreis ar riachtanais na forbartha, féadfaidh an tÚdarás Pleanála socrú a dhéanamh maidir le ranníoc laghdaithe a íoc nó maidir le gan aon ranníoc a íoc de réir mar is gá in imthosca an cháis lena mbaineann. De bhreis air sin, déantar foráil leis an scéim seo maidir le díolúintí agus/nó laghduithe mar atá leagtha amach i dTáblaí 2, 3 & 4. Déantar na díolúintí agus na laghduithe sin a sholáthar ar bhonn tosaíochtaí atá bunaithe sa Phlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil atá ag teacht chun cinn, agus i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall/sa Chroístraitéis, ar nithe iad sin atá dírithe ar fhorbairt/fhiontraíocht, ar fheabhsú na hoidhreachta foirgnithe agus nádúrtha, saoráidí turasóireachta agus pobail, agus ar athghiniúint ceantar láir bailte/uirbeach agus sráidbhailte a chur chun cinn agus a spreagadh. Ach ní bheidh feidhm ag na díolúintí/tarscaoilte sin maidir le hiarratas ar fhorbairt a choinneáil.

Tábla 2: Sceideal na nDíolúintí Ginearálta (100%)

Uimh.	Díolúine
1	Eagraíocht Dheonach/Carthanas
2	Creis, réamhscoil & bunscoileanna agus meánscoileanna nach n-íoctar táillí ina leith agus Scoileanna/Coláistí Tríú Leibhéal
3	Reiligí
4	Tithíocht Shóisialta (Cuid V)
5	Méaduithe ar Thithe Cónaithe
6	Teach Ináitrithe Ionaid (I gcás nach bhfuil an mhaoin tréigthe agus nach bhfuil aon ghéarú suntasach ann ar an éileamh ar bhonneagar poiblí)
7	Lárionaid Phobail neamhthráchtála, lárionaid óige, lena n-áirítear saoráidí spóirt
8	Saoráidí cóireála drugaí/athshlánúcháin a sholáthraíonn grúpaí deonacha nó neamhbhrabúis/neamhreachtúla
9	Saoráidí neamhbhrabúis cúraim leanaí
10	Taifead na nDéanmhas Cosanta (I gcás ina rannchuidíonn oibreacha den sórt seo le hathbhunú nó cosaint Thaifead na nDéanmhas Cosanta (N.B. Beidh feidhm ag laghdú 50% maidir le méaduithe ar an lorg láithreach atá ag foirgnimh ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta))
11	Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (N.B. Beidh feidhm ag laghdú 50% maidir le méaduithe ar an lorg láithreach atá ag foirgnimh ar Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta)
12	Tuirbín Gaoithe Pobail/Uatáirgeadh

Tábla 3: Sceideal na Laghduithe/nDíolúintí i ndáil le Ceantair Láir Bailte/Sráidbhailte

Tag		Gnáthmhuirir (A Tráchtáil	(B Cónaitheach	Muirir Pháirceála (C) Tráchtáil	(D) Cónaitheach
1a.	Athúsáid foirgneamh láithreach atá tréigthe/folamh	0-100m = laghdú 100%	An chéad 2 aonad = laghdú 50%	An chéad 4 spás = díolúine 100%	An chéad 3 spás = laghdú 50%
1b.	Tógáil nua ar láithreáin fholmha athfhorbraíochta	101-200m^2 = laghdú 50%	Ar mhaithe le soiléiriú (aon aonaid bhreise os cionn an chéad 2 cheann = laghdú 0% orthu sin)	Spásanna 5-8 = laghdú 50%	Gan aon laghdú eile ina dhiaidh sin
1c.	Scartáil & atógáil ar láithreáin athfhorbraíochta	201m2+ = laghdú 0%	Ní hinfheidhme	Spásanna 9+ = laghdú 0%	Ní hinfheidhme
2.	Méaduithe ar fhoirgnimh láithreacha laistigh de phríomhcheantar láir bailte/sráidbhailte	Beidh feidhm ag na lascainí ag 1 thuas maidir le hachar an mhéadaithe	Níl aon díolúine ann maidir le glanlíon aonad breise	An chéad 2 spás = díolúine 100% Spásanna 3-4 = laghdú 50% Spásanna 5+ = laghdú 0%	Níl aon díolúine ann maidir le glanlíon aonad breise
3.	Tógáil nua athfhorbraíochta	Níl aon díolúintí/lascainí ann	Níl aon díolúintí/lascainí ann	Níl aon díolúintí/lascainí ann	Níl aon díolúintí/lascainí ann
4.	Athrú úsáide go húsáid tráchtála	0-100m = laghdú 100%	Ní hinfheidhme	An chéad 4 spás = díolúine 100%	Ní hinfheidhme

I gcás ina bhfuil togra maidir le forbairt cáilithe chun níos mó ná laghdú amháin a fháil, ní bheidh feidhm ag níos mó ná díolúine amháin.

Tábla 4: Laghduithe Ginearálta SRF

Uimh.	Laghdú
1	Gnóthaí/tionscail cruthaithe post (neamhthráchtáil), lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, agus tionscail teicneolaíochta/bithleighis agus trom-/éadrom-innealtóireachta, monaraíochta/próiseála. Is féidir réimsí miondíola foghabhálacha a bheith i gceist le gnóthaí, ach ní mór gur monaraíocht atá ann mar phríomhúsáid. (N.B. Tá an díolúine ar fáil freisin do ghnóthaí a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta, ó Fhiontraíocht Éireann, ón Oifig Fiontar Áitiúil agus ón Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail). (Laghdú 50%).
2	Páirc Ghnó de chuid an IDA nó Údarás na Gaeltachta (tionscail nach tionscail fhliucha iad) – d'fhéadfadh sé go gcuirfear ranníoc ilchodach i bhfeidhm ionas gur féidir forbairtí amach anseo a dhíolmhú.
3	Stóráil Oscailte/spás tráchtála dromchla chrua (laghdú 70%).
4	Forbairt a bhaineann le hathbhunú/caomhnú maoine tréigthe, ar forbairt í a fhaigheann páirtmhaoiniúchán ón Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus/nó ón Chlár Tacaíochta Speisialta do Shíocháin agus Athmhuintearas nó atá san áireamh i gClár Láithreán Tréigthe na Comhairle. (Laghdú 25%)
5	Maidir le forbairtí do dhaoine atá ceadaithe i ndáil le Deontas do Dhaoine Faoi Mhíchumas (DPG), nó atá in ann a thaispeáint go mbeidís cáilithe chun deontas den sórt sin a fháil, tiocfaidh siad faoi réir laghdú €1,500 sa ghnáth-Ranníoc Forbartha iomlán don fhorbairt lena mbaineann.
6	Fuinneamh Bithmhaise/Bithbhreosla/Feirme Fuinnimh Gréine (scála nach micreascála in-athnuaite é)/Tonnta agus Hidreafhuinneamh (laghdú 25%)
7	Forbairtí trína n-éascaítear do na Cealla Beaga teacht chun bheith ina Lárionad Sármhaitheasa i ndáil le hAcmhainní, Bia agus Turasóireachta Mara (laghdú 25%).
8	Forbairt Athfhorbraíochta laistigh de Ionnaíochtaí (laghdú 50%).
9	Scéimeanna éagsúlaithe feirme (laghdú 25%).
10	Tréimhse Shrianta Ceada (Suas go tréimhse cheada 3 bliana) (Beidh feidhm ag 33% den ghnáthráta – i.e. laghdú 66%) (Níl oibríochtaí tráchtála feirme gaoithe/cairéil/mianadóireachta cáilithe chun laghduithe a fháil).
11	Tréimhse Shrianta Ceada (Suas go tréimhse cheada 5 bliana) (Beidh feidhm ag 50% den ghnáthráta – i.e. laghdú 50%) (Níl oibríochtaí tráchtála feirme gaoithe/cairéil/mianadóireachta cáilithe chun laghduithe a fháil).
12	Tréimhse Shrianta Ceada (Suas go tréimhse cheada 10 mbliana) (Beidh feidhm ag 66% den ghnáthráta – i.e. laghdú 33%) (Níl oibríochtaí tráchtála feirme gaoithe/cairéil/mianadóireachta cáilithe chun laghduithe a fháil).

3.4 Ioncam Réamh-Mheasta agus Dáileadh

Déantar an t-ioncam a mheastar a gheofar ón Scéim a ríomh de réir Thábla 5 thíos trí líon iomlán na n-aonad tithíochta agus na spásanna urláir tráchtála a thógfar i rith ré na Scéime a ghlacadh agus na scálaí muirir iomchuí a chur i bhfeidhm i ngach cás ar leith. Meastar go bhfuil na réamh-mheastacháin seo fónta agus gur dóigh go mbainfear amach iad. Baineann i bhfad níos mó fadhbanna le réamh-mheastacháin den sórt sin a dhéanamh i gcás earnálacha eile agus, dá bhrí sin, fágtar na hearnálacha sin ar lár ón ríomh. Trí na hearnálacha sin a fhágáil ar lár, tá níos mó solúbthachta ann maidir le réamh-mheas na leibhéal ioncaim a gheofar.

Tábla 5: Ioncam Iomlán Measta sa réimse Cónaithe agus Neamhchónaithe (ar bhonn réamh-mheastachán agus gan galfchúrsaí, oibríochtaí cairéil/mianadóireachta, feirmeacha gaoithe etc. a áireamh)

Úsáid Talaimh	An Líon Aonad/An tAchar Urláir	Cónaithe/Neamhchónaithe €4.14 agus €7 in aghaidh an m^2
Cónaithe (An Líon Aonad)	1,800 aonad *	Faoi bhun 199m^2 = 752 aonad x **€1,500** (41.8% de na haonaid), dá bhrí sin **€1,128,000**. Os cionn 200m^2 = 1,046 aonad x **€2,500** (58.19% de na haonaid), dá bhrí sin **€2,615,000**. An tIomlán ar fad = **€3,743,000**.
Neamhchónaithe (m^2)	190,858 m^2	Meastar 15% a bheith inchurtha i leith Leitir Ceanainn @ €7.00 in aghaidh an mhéadair chearnaigh = **€200,401**: Meastar 85% a bheith inchurtha i leith an chuid eile den Chontae @ €4.14 in aghaidh an mhéadair chearnaigh = **€671,629** An tIomlán ar fad = **€872,030**.
Eile	Ní fios	Ní fios
Ioncam iomlán		**€4,615,030.**

(*Ní áiríonn an figiúr sin 1,800 aonad an 507 n-aonad tithíochta sóisialta cónaithe atá le tógáil sa tréimhse 2015-2017, ós rud é go bhfuil na haonaid sin díolmhaithe ó íoc ranníocaí forbartha agus nach nginfidh siad aon ioncam.)

Déanfar an t-ioncam ó SRF sna trí fhochatagóir forbartha (A. Cónaithe, B. Neamhchónaithe (Tráchtáil) agus C. Forbairtí Eile) a chionroinnt go comhsheasmhach do sheirbhísí Comhairle de réir na gcóimheas seo a leanas: Iompar agus Bonneagar agus Muir (50%), Athnuachan Bailte & Sráidbhailte/Lárionaid Forbartha (25%), Turasóireacht, Áineas agus Taitneamhachtaí agus Saoráidí Pobail (25%) (Tábla 6). Meastar, ar na cúiseanna atá leagtha amach i Roinn 3.1 thuas, gur cuí an chionroinnt leathan sin a dhéanamh i leith an ioncaim. Tairbhe neamhdhíreach de chuid an chur chuige sin is ea go mbeidh sásra bailithe agus dáilte níos sruthlínithe ann laistigh den Chomhairle.

Tábla 6: Ioncam atá Ginte a Leithroinnt de réir Ghníomhaíochtaí Bonneagair na Comhairle

An Cineál Iarratais Pleanála	Dáileadh Cionmhar SRF de réir Earnála (%)		
	1. Iompar agus Bonneagar agus Muir	2. Athnuachan Bailte & Sráidbhailte/Lárionaid Forbartha	3. Turasóireacht, Áineas agus Taitneamhachtaí agus Saoráidí Pobail
A. Cónaithe	50 %	25 %	25 %
B. Neamhchónaithe (Tráchtáil)	50 %	25 %	25 %
C. Forbairtí eile (e.g. Fuinneamh gaoithe, Cairéalú, Galfchúrsaí)	50 %	25 %	25 %

Agus na céatadáin sin á gcur san áireamh, agus na rátaí réamh-mheasta forbartha á gcur i bhfeidhm (féach Roinn 2), soláthraíonn Tábla 7 réamh-mheastachán ar an ioncam a bhféadfaí é a ghiniúint mar thoradh ar an Scéim.

(Is ceart a rá nach n-áiríonn an réamh-mheastachán ar ioncam iomlán an t-ioncam a bhféadfaí é a fháil ó fhorbairtí eile lena n-áirítear e.g. galfchúrsaí, oibríochtaí cairéil/mianadóireachta, feirmeacha gaoithe etc.)

Tábla 7: Dáileadh an Ioncaim ón earnáil Cónaithe agus ón earnáil Tráchtála araon i dtéarmaí %

	Iompar agus Bonneagar agus Muir	Athnuachan Bailte & Sráidbhailte/Lárionaid Forbartha	Turasóireacht, Áineas agus Taitneamhachtaí agus Saoráidí Pobail	**Iomláin**
Dáileadh i dtéarmaí %	50 %	25 %	25 %	100%
Iomlán 2016-2017	**€2,307,515**	**€1,153,757.5**	**€1,153,757.5**	**€4,615,030**

4.0 NÓTAÍ MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM NA SCÉIME

4.1 Ré na Scéime

Tar éis an Scéim a ghlacadh, oibreoidh sí sa tréimhse 2016-2021 mura rud é go n-athbhreithnítear í laistigh den tréimhse sin. Más rud é nach nglactar scéim nua roimh dháta éagtha na scéime seo, fanfaidh an scéim seo i ngníomh tar éis na ndátaí sin go dtí go nglactar scéim nua.

Glacann an Scéim seo ionad na sean-Scéimeanna Ranníocaí Forbartha a bhí i ngníomh sa Chomhairle Chontae agus i sean-Chomhairlí Baile Leitir Ceanainn, Bhun Cranncha agus Bhun Dobhráin.

4. 2 Ranníocaí Innéacsnasctha, Íocaíochtaí agus Céimniú Íocaíochtaí

Déanfar gach Ranníoc Forbartha a innéacsnascadh amhail ar an 1 Márta gach bliain tar éis dháta chur i bhfeidhm na Scéime i gcomhréir le coigeartuithe sa Phraghas-Innéacs Mórdhíola don earnáil Foirgníochta agus Tógála a fhoilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh. Is é atá i ráta an Ranníoca Forbartha atá le cur i bhfeidhm ná an ráta is infheidhme ar an dáta a eisítear an Cinneadh chun an cead a dheonú agus ní thiocfaidh sé faoi réir aon mhéaduithe innéacsnasctha eile, is cuma an gcuirtear, nó nach gcuirtear, tús leis an fhorbairt an bhliain sin.

Déanfar gach Ranníoc Forbartha a íoc sula gcuirtear tús leis an fhorbairt. D'fhéadfadh sé go n-éascófar íocaíochtaí céimnithe, ach sin faoi réir comhaontú a fháil ón Údarás Pleanála. D'fhéadfadh sé go muirearófar ús ar aon Ranníocaí Forbartha nach mbeidh íoctha sula gcuirtear tús leis an fhorbairt.

4.3 Oibreacha *In Lieu*

Ní dhéanfar oibreacha *in lieu* a bhreithniú faoin Scéim Ranníocaí Forbartha 'Ghinearálta' seo.

4.4 Achomharc a dhéanamh in aghaidh Ranníocaí Forbartha

De réir Alt 48(10) den Acht, féadfar achomharc a dhéanamh chuig an Bhord Pleanála i gcás ina measfaidh an t-iarratasóir ar chead pleanála nach ndearnadh téarmaí na scéime a chur chun feidhme go cóir maidir le haon choinníollacha atá leagtha síos ag an Chomhairle.

4.5 Achar Urláir Tráchtála a Ríomh

Déanfar achar urláir forbairtí beartaithe a ríomh mar ollachar urláir ina gcuimsítear an t-achar urláir inmheánach laistigh de na ballaí seachtracha agus, chomh maith leis sin, áiríonn sé gach limistéar nach limistéar díola é lena n-áirítear idirurláir, leithris agus ceaintíní etc.

4.6 Ranníocaí Forbartha maidir le seirbhísí Uisce agus Dramhuisce

Ar an 1 Eanáir 2014, rinneadh freagracht maidir le huisce poiblí agus seirbhísí dramhuisce a aistriú chuig Uisce Éireann. Ós rud é go mbeidh muirir cheangail/soláthair á dtobhach ag Uisce Éireann i leith na seirbhíse sin, ní dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe muirear a thobhach i leith na seirbhísí sin a thuilleadh.

Aguisín I
Sceideal na dTionscadal Caipitiúil SRF a d'fhéadfadh a bheith ann

Suíomh/Tionscadal	Ceantar Bardasach	Comhordanáidí/ Oirlíne/Tuaidhlíne
Aghilly Road	Inis Eoghain	635680 / 932294
Oibreacha Feabhsaithe Trá	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Liagchiorcal na Bealtaine	Srath an Urláir	625381 / 900356
Leathanbhanda	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Bóthar Faoisimh Laistigh/Lasmuigh Bhun Cranncha	Inis Eoghain	635080 / 931785 agus 635622 / 932074
Columban Visitor Trail (An Muileann Úr)	Leitir Ceanainn	612313 / 909109
Feabhsú lintéar	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Clár Uile-Chontae a Fhorbairt maidir le Creimeadh Cósta	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Bonneagar Leithreas Poiblí a Fhorbairt	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Sráidbhaile Ceardaíochta Dhún na nGall	Dún na nGall	592476 / 877071
An Earagail (Forbairt Inbhuanaithe)	Na Gleannta	592778 / 920794
Teach Solais Fhánada	Leitir Ceanainn	623391 / 947739
Báid Fharantóireachta – An Caisleán Nua go hArd Mhic Giollagáin agus Bun Cranncha go Ráth Maoláin agus Inis Eoghain & Leitir Ceanainn	Inis Eoghain/Leitir Ceanainn	665133 / 939289 & 632139 / 929520
Glasbhealaí/Siúláin/Rianta	***Ar fud an chontae***	Ní hinfheidhme
Grianán Ailigh	Inis Eoghain	636596 / 919735
Cionn Mhálanna	Inis Eoghain	639689 / 959546
Tionscadail Feabhsaithe Muirí	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Céanna agus Cuanta	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Saoráidí a sholáthar do veaineanna campála	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Cosáin Phoiblí & Soilsiúchán Poiblí	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
An Réimse Poiblí	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Tionscadal Abhann	Srath an Urláir	633334 / 898354
Sliabh Liag	Dún na nGall	555441 / 877849
Draenáil Uisce Dromchla	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme
Bóthar & Droichid Súilí	Leitir Ceanainn	615584 / 910544
Rochtain ar Thrá *Tullan*	Dún na nGall	582768 / 860272
Bainistíocht Tráchta	Ar fud an chontae	Ní hinfheidhme